Coiste Eacnamaíoch agus
Sóisialta na hEorpa



# DEARBHÚ AR SON COMHAONTÚ GORM DON EORAIP

#EUBlueDeal





Is acmhainn é an t-uisce nach mbeifí beo dá uireasa. Tá sé riachtanach d'éiceachórais, do shaol an duine agus d'fheidhmiú an gheilleagair agus na sochaí. Mar sin féin, tá teorainn leis na hacmhainní uisce domhanda agus tá an brú atá orthu ag dul i méid. Mar a d'aithin Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe go sainráite in 2010, is ceart daonna í **an rochtain ar uisce óil sábháilte agus ar shláintíocht**. Ní féidir glacadh leis go bhfuil daoine fós san Aontas Eorpach agus gan rochtain acu ar uisce agus ar shláintíocht.



Tá creataí dlíthiúla curtha ar bun ag an Aontas chun acmhainní fionnuisce agus muirí a chosaint. Mar sin féin, níor baineadh amach roinnt mhaith de na cuspóirí a leagadh síos. D'fhonn cur chuige cuimsitheach a fhorbairt maidir le beartais uisce na hEorpa, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) sraith tuairimí féintionscnaimh lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéim an uisce agus ar ghnéithe éagsúla na géarchéime sin.

I bhfianaise chineál riachtanach an uisce agus na ndúshlán atá os comhair an domhain agus na mór-roinne faoi láthair, mar aon leis na dúshláin a bheidh ann amach anseo, tá CESE go mór den tuairim nach leor é a thuilleadh an t-uisce a chur san áireamh mar ghné amháin den Chomhaontú Glas: is gá géarú ar na maidí ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh ar na hinstitiúidí Eorpacha **an t-uisce a áireamh mar thosaíocht agus Comhaontú Gorm don Eoraip a ghlacadh mar bheartas straitéiseach ar leithligh**, ar aon leibhéal leis an gComhaontú Glas don Eoraip. Ní mór an Comhaontú Gorm don Eoraip a bheith **go hiomlán comhlántach agus sineirgisteach leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe**. Ní mór don Chomhaontú a bheith cuimsitheach, comhleanúnach agus bunaithe ar threoirphrionsabail agus ar ghníomhaíochtaí nithiúla, mar a leagtar amach thíos. Ba cheart riachtanais a thuar agus acmhainní uisce coiteanna a chaomhnú agus a bhainistiú go cuí sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní uisce slán i bhfad na haimsire. **Is féidir leis an Eoraip deiseanna nua** don fhorbairt theicneolaíoch, don dul chun cinn sóisialta, do phoist nua, do scileanna nua, agus d'fhás gnó **a dhéanamh de na dúshláin atá ann faoi láthair a bhaineann leis an uisce**, agus an comhshaol á urramú ag an am céanna.

Tá CESE ag iarraidh ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit na prionsabail agus na tograí sin a chur san áireamh agus a aithint gur **tosaíocht straitéiseach é an t-uisce don chlárthréimhse 2028-2034 agus don tréimhse ina dhiaidh sin**, agus gur cheart é a chomhtháthú i mbeartais uile an Aontais.

Tá sé in am dúinn dul i gcomhar le chéile agus teacht ar réitigh choiteanna ar an ngéarchéim shistéamach uisce. Is í an ghníomhaíocht chomhchoiteann, arb í straitéis uisce láidir agus uaillmhianach a bheidh mar bhonn taca léi, an t-aon bhealach ar féidir acmhainní uisce inbhuanaithe a bheidh slán i bhfad na haimsire a áirithiú.

Oliver RÖPKE, Uachtarán CESE

*26 Deireadh Fómhair 2023*

# TREOIRPHRIONSABAIL AN CHOMHAONTAITHE GHOIRM DON EORAIP

## Prionsabal 1:

**Ní mór beartais uile an Aontais a thabhairt i gcomhréir leis an mbeartas uisce Eorpach nua**, mar a tharla i gcás an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Ní mór na beartais agus na gníomhaíochtaí faoin gComhaontú Gorm a bheith bunaithe ar shonraí maidir le huisce atá **cothrom le dáta, cruinn, trédhearcach, inchomparáide, inrochtana go héasca agus iontaofa**.

## Prionsabal 2:

**Ba cheart athbhunú agus cosaint na n-éiceachóras, na mbogach agus na bithéagsúlachta** a bheith ina gcuid ríthábhachtach den Chomhaontú Gorm.

## Prionsabal 3:

**Ní mór don Aontas Eorpach cur chuige i leith an uisce atá bunaithe ar chearta an duine a ghlacadh agus an bhochtaineacht uisce a chomhrac**, i gcomhréir le Prionsabal 20 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. **Ba cheart an ceart chun comhshaoil fholláin a aithint freisin mar cheart bunúsach daonna.**

## Prionsabal 4:

Ní mór seirbhísí uisce, sláintíochta agus sláinteachais **a bheith inbhuanaithe, cothrom, ar ardchaighdeán agus inacmhainne do chách.** I gcás géarchéim uisce, ní mór tús áite a thabhairt do na saoránaigh agus dá mbunriachtanais.

## Prionsabal 5:

**Ba cheart gach úsáideoir uisce a spreagadh chun réitigh agus cleachtais a ghlacadh a thacaíonn le húsáid inbhuanaithe agus tomhaltas inbhuanaithe uisce.**

## Prionsabal 6:

**Ní mór don Aontas rannchuidiú le forbairt teicneolaíochtaí lena n-áiritheofar éifeachtúlacht uisce, athchúrsáil agus laghdú truaillithe** chomh maith le cur in úsáid na dteicneolaíochtaí sin de réir a chéile **in earnáil na talmhaíochta, earnáil na tionsclaíochta agus ag teaghlaigh.**

## Prionsabal 7:

**Ní mór laghdú suntasach a dhéanamh ar chaillteanais uisce a tharlaíonn mar gheall ar sceitheadh i líonraí agus ar chur amú uisce** in earnáil na talmhaíochta, earnáil na tionsclaíochta, ag teaghlaigh agus ag gach úsáideoir eile.

## Prionsabal 8:

Tá earnáil na talmhaíochta ina cúis mhór le ganntanas uisce ach í thíos leis an nganntanas céanna sin freisin. **Ní mór don Aontas a áirithiú, trí phlean straitéiseach a chur ar bun, go**

**mbeidh rochtain leordhóthanach ar uisce d'ardchaighdeán agus go ndéanfar bainistiú inbhuanaithe air in earnáil na talmhaíochta chun táirgeadh leordhóthanach agus inbhuanaithe bia a chumasú san Aontas.**

### Prionsabal 9:

Ós rud é go bhfuil nasc idir an fuinneamh, an t-uisce agus amhábhair chriticiúla, b***a cheart breathnú ar an uisce mar ghné bhunúsach de straitéis thionsclaíoch an Aontais***.

### Prionsabal 10:

**Tá gá le cur chuige tionsclaíoch earnálach** ós rud é nach mar an gcéanna iad na riachtanais agus na deiseanna a bhaineann le héifeachtúlacht uisce sna hearnálacha éagsúla. Ní mór prionsabal na neamhdhíobhála **a thabhairt le chéile leis an gceart chun uisce a í**diú mar chuid de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha.

### Prionsabal 11:

**Ní mór infhaighteacht oibrithe oilte agus speisialaithe a áirithiú agus ní mór iomaíochas cuideachtaí na hEorpa a chaomhnú.**

### Prionsabal 12:

**Ní mór beartas cuimsitheach uisce de chuid an Aontais a mheaitseáil le plean maoiniúcháin atá chomh huaillmhianach céanna leis.** Ba cheart **praghsanna, costais agus cánacha a bhaineann leis an uisce** a bheith cothrom agus trédhearcach agus ní mór praghsanna a bheith bunaithe ar phrionsabal na haisghabhála costas iomlán.

### Prionsabal 13:

**Ba cheart don Aontas Eorpach a iarrachtaí a dhíriú ar an taidhleoireacht ghorm** agus an t-uisce a chomhtháthú sa bheartas eachtrach agus sa chaidreamh seachtrach, lena n-áirítear an beartas comharsanachta agus na beartais trádála agus forbartha. Ba cheart é a bheith ar cheann de phríomhchuspóirí straitéiseacha na taidhleoireachta gorma **creat-chonradh na Náisiún Aontaithe a uasghrádú maidir leis na saincheisteanna uile a bhaineann leis an uisce,** agus comhaontuithe idirnáisiúnta a chur chun feidhme go pras.

### Prionsabal 14:

Beidh ríthábhacht le **beartais idirnáisiúnta a fhorbairt chun úsáid spárálach agus éifeachtúil an uisce a chur chun cinn i ngach earnáil den gheilleagar agus den tsochaí, chun truailliú** screamhuiscí agus uiscí dromchla **a laghdú**, agus uiscí truaillithe agus díghrádaithe a athbhunú.

### Prionsabal 15:

Chun go n-éireoidh leis an gComhaontú Gorm don Eoraip, **ní mór acmhainní fionnuisce, lena n-áirítear screamhuisce, a rialú go cuí**. Tá CESE ag iarraidh go nglacfaí **cur chuige ar leibhéal na n-abhantrach** agus go nglacfadh na geallsealbhóirí ábhartha uile páirt sa chur chuige sin. Ba cheart na tionscnaimh um chomhar atá ann cheana ó thaobh na n-abhantrach de a dhoimhniú, a fhorbairt agus iad a mhaoiniú go leordhóthanach.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ FAOIN gCOMHAONTÚ GORM DON EORAIP ATÁ LE CUR CHUN FEIDHME AR BHONN PRÁINNE

I bhfianaise na ndúshlán atá romhainn, ní mór dúinn gníomhú gan mhoill. **Tá CESE ag áitiú ar na comhreachtóirí na bearta seo a leanas a áireamh sa Chomhaontú Gorm agus tá sé á chur in iúl aige go ndéanfaidh sé faireachán cúramach ar chur chun feidhme na mbeart sin le linn an chéad sainordú eile de chuid an Choimisiúin Eorpaigh (2024-2029).**

| | |
|---|---|
| **1** | Tá gá le **cur chuige coiteann chun an bhochtaineacht uisce a thuiscint ar leibhéal an Aontais**. Ní mór don Aontas **treoirlínte comhchoiteanna a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar an rochtain atá ar fáil ar sheirbhísí uisce agus sláintíochta atá ar ardchaighdeán agus ar phraghas réasúnta** agus chun an staid mar atá a mhapáil agus forbairtí a leanúint go rialta. |
| **2** | **Ba cheart do CESE agus d'institiúidí eile an Aontais ardán comhairleach do gheallsealbhóirí an Aontais a bhunú go comhpháirteach chun** dea-chleachtais a roinnt, caighdeáin shonracha a fhorbairt maidir le cáilíocht agus úsáid uisce in earnáil na talmhaíochta agus na tionsclaíochta, rannchuidiú le nuashonrú rialta a dhéanamh ar phleananna gníomhaíochta an Chomhaontaithe Ghoirm, agus comhpháirtíochtaí agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn. |
| **3** | Is gá **sonraí atá trédhearcach, inchomparáide, inrochtana go héasca agus iontaofa a bhailiú ar bhonn córasach maidir leis an staid reatha agus treochtaí fadtéarmacha ar leibhéal an Aontais** i ndáil leis an méid seo a leanas: soláthairtí uisce, rochtain ar uisce agus ar shláintíocht, staid na mbonneagar uisce, astarraingtí uisce dromchla agus screamhuisce agus úsáid an uisce i bpróisis thionsclaíocha, talmhaíochta agus tí. |
| **4** | **Ní mór measúnú críochnúil a dhéanamh láithreach bonn ar an mbonneagar uisce agus ar acmhainní uisce na mBallstát uile** chun riachtanais infheistíochta phráinneacha a shainaithint. Ba cheart reachtaíocht chomhsheasmhach a chur i bhfeidhm ar fud na mBallstát uile chun **sásra stórála uisce a bhunú a bheidh inbhuanaithe le linn tréimhsí fliucha.** |
| **5** | **Ba cheart maoiniú a chur ar fáil chun an bonneagar uisce agus sláintíochta a fhorbairt**, go háirithe i gcomharsanachtaí uirbeacha agus tuaithe atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh, mar shampla, i gcomhthéacs an rabharta athchóirithe uirbigh. |
| **6** | A mhéid a bhaineann le praghsanna, ní mór slándáil fhadtéarmach an uisce a chur san áireamh, an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a ionchorprú agus **rochtain uilíoch agus costais inacmhainne a áirithiú, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha. Ba cheart cur chuige comhchoiteann a ghlacadh ar leibhéal an Aontais maidir le dearadh cothrom na bpraghsanna uisce**. D'fhéadfadh comharthaí praghais a bheith san áireamh i dtaraifí uisce chun tomhaltas níos inbhuanaithe a áirithiú. |
| **7** | Ní mór **feachtais múscailte feasachta agus gníomhaíochtaí sonracha chun an tuiscint ar luach an uisce a chur chun cinn agus iompar fadtéarmach a athrú** a sheoladh i ngach Ballstát. |
| **8** | Ba cheart **lipéad tomhaltais uisce** do tháirgí, sa bhreis ar lipéad fuinnimh an Aontais Eorpaigh atá ann cheana, a thabhairt isteach chun feasacht tomhaltóirí a ardú. Ní mór tomhaltóirí a dhreasú chun **a lorg uisce a ríomh**. |
| **9** | **Ba cheart dreasachtaí a chur ar bun ar mhaithe le haistriú chuig geilleagar ciorclach uisce a bhaint amach agus na húsáideoirí uile a spreagadh chun uisce a athúsáid.** Nuair is féidir, ba cheart é a bheith mar ghnáthnós foinsí uisce neamhghnácha a chur in ionad úsáid uisce óil. |

| | |
|---|---|
| 10 | As seo go ceann dhá bhliain, **ní mór straitéis thionsclaíoch an Aontais agus na doiciméid a bhaineann le conair an aistrithe a athbhreithniú chun dúshláin agus deiseanna tionsclaíocha a bhaineann le huisce a chur san áireamh. Ní mór béim ar leith a leagan** ar thionscail atá dian ar uisce agus tacú le cur in úsáid teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce. |
| 11 | Ba cheart don Aontas borradh a chur faoina iarrachtaí chun **pobal eolais agus nuálaíochta a chruthú don uisce** laistigh den Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) agus dlús a chur leis an gcur chuige 'cúig mhisean' |
| 12 | **Ba cheart do scéimeanna uile an Chomhbheartais Talmhaíochta bainistiú inbhuanaithe agus éifeachtúil uisce a spreagadh**, agus táscairí a chomhtháthú i ngach Ballstát chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i leith bainistiú uisce. Ní mór tacaíocht thiomnaithe a chur ar fáil chun a áirithiú go mbainfear amach aistriú inbhuanaithe in earnáil an agraibhia agus go mbeifear in ann an earnáil sin a chur in oiriúint don athrú. |
| 13 | **Ní mór bearta a chomhtháthú i mbeartais talmhaíochta agus thionsclaíocha an Aontais lena gcothaítear** laghdú, athúsáid agus athchúrsáil uisce, mar aon le laghdú ar thruailliú uisce, trí dhea-chleachtais a ghlacadh agus trí oiliúint agus réitigh theicneolaíocha nua, chun go mbeidh an tsochaí cliste ó thaobh uisce de. |
| 14 | **Ba cheart úsáid inbhuanaithe uisce agus coinníollacht an uisce a bheith ina critéir i gcistí uile an Aontais**, ionas nach dtacófar le tionscadail a thagann salach ar chuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce agus an Chomhaontaithe Ghoirm nua don Eoraip. |
| 15 | Sa bhreis ar na cistí náisiúnta, ní mór **Ciste um Aistriú Gorm** a chur ar bun ar leibhéal an Aontais **mar phointe rochtana aonair de chuid an Aontais** d'infheistíochtaí uisce, chun **infheistíochtaí poiblí a chomhcheangal le maoiniú nuálach**. |
| 16 | **Tacóidh an Ciste um Aistriú Gorm le bonneagar athléimneach agus le bainistiú inbhuanaithe uisce, le taighde agus le cur in úsáid teicneolaíochtaí atá éifeachtúil ó thaobh uisce de.** Leis an gciste sin, maoineofar infheistíochtaí i **ndálaí oibre, i bpoist ardcháilíochta agus in oiliúint**, chomh maith le bearta chun **éagothromaíochtaí a laghdú** maidir le rochtain ar sheirbhísí inacmhainne agus ardchaighdeáin uisce agus sláintíochta. |
| 17 | Ba cheart caitheamh le hinfheistíochtaí san uisce mar infheistíochtaí speisialta faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis. |
| 18 | Ba cheart **Conradh na Náisiún Aontaithe ar an Mórmhuir** a comhaontaíodh le déanaí a chur chun feidhme go pras. |
| 19 | Sa chaidreamh seachtrach, ba cheart don Aontas bainistiú inbhuanaithe uisce agus fuíolluisce a éascú tríd **an gcomhar i réimsí an bhonneagair, na dteicneolaíochtaí agus an tsaineolais mar chuid de chomhpháirtíochtaí eacnamaíocha agus den chomhar um fhorbairt**. Is uirlis den scoth í an Tairseach Dhomhanda i ndáil leis an méid sin. |
| 20 | Ba cheart **Lárionad Eorpach Uisce** a bhunú **a mbeidh gné idirnáisiúnta ag baint leis** chun tacú leis na Ballstáit agus le tíortha eile i gcomharsanacht na hEorpa agus níos faide i gcéin aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le huisce. Ba cheart scoth an chomhoibrithe a léiriú sa Lárionad seo agus moltaí beartais a chur ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar chuspóirí beartais an Chomhaontaithe Ghoirm. |
| 21 | Ba cheart **Coimisinéir tiomnaithe de chuid an Aontais** a cheapadh chun cúrsaí uisce a stiúradh. |

Coiste Eacnamaíoch agus
Sóisialta na hEorpa

Rue Belliard/Belliardstraat 99
1040 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

**www.eesc.europa.eu/eubluedeal**

*Printed by the EESC-CoR Printing and Distribution Unit, Belgium*

EESC-2023-81-GA

© An tAontas Eorpach, 2023
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.
Chun na grianghraif/léaráidí a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a iarraidh go díreach ó úinéir(í) an chóipchirt.
Cover: ©Shutterstock/U2M Brand
P.1-6: ©Shutterstock/Ekkachai Tis

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

Print:
QE-04-23-852-GA-C
ISBN 978-92-830-6283-7
doi: 10.2864/019335
Online:
QE-04-23-852-GA-N
ISBN 978-92-830-6270-7
doi: 10.2864/881428

GA